

SIONNACH AGUS OCHT GCINN DE GHIRRFHIADHACHA.

Bhí mé ag dul síos an bóthar maidin go moch agus chonnaic mé ocht gcinn de ghirrfhiadhacha ag dul aníos treasna an bhóthair. Bhíodar ag imteacht i ndiaidh a chéille agus bhí sionnach ina ndiaidh. Ní raibh deifir ar bith ortha agus ní raibh fonn ar an sionnach teannadh leob. Ní fhaca mé aon iongantas ariamh mar é creidim go raibh dúil ag an sionnach ionnta ach nach raibh sé i ndon teacht suas leob dá dtéigheadh siad ag coibhlint.

D'ímtigh sé a lorg a raibh siad ag imteacht. Ní raibh na ghirrfhiadhacha ag coibhlint chor ae bith ach af boc léimnigh is macnas ortha mar a bheadh caoraigh ag imteacht, dimthigheadar as m'amharc.